

12 Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais: dul chun cinn ar chur i bhfeidhm

12.1 D'fhormheas an Rialtas an clár um sheirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais (FMSS) i mí Eanáir 2016. Tá sé mar aidhm leis an gclár córas nua a mbeidh bainistíocht lárnach déanta air, agus é tacaíthe ag seirbhís chomhroinnte airgeadais nua a chur in ionad go leor córas éagsúil bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais, atá in úsáid ar fud ranna agus oifigí an rialtais láir.

12.2 Tá an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) freagrach as an gclár agus tá an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin (An Roinn Caiteachais Phoiblí) ina 'hurraí feidhmiúcháin'.¹ Tá tábhacht straitéiseach ag gabháil leis an gclár FMSS sa mhéid is gurb ionann é agus athrú ó bhonn ar an mbainistíocht airgeadais don rialtas láir, trí

- chairt choitianta shingil cuntas a chruthú²
- caighdeánú ar phróisis chuntasaíochta agus
- uathoibriú na teicneolaíochta.

12.3 Tá an clár FMSS ina áisitheoir barrthábhachtach d'aistriú beartaithe ranna agus oifigí an rialtais láir ó bhonn airgid thirim leasaithe don chuntasaíocht go córas atá go hiomlán ar bhonn fabhráithe.

12.4 Ba mhall an dul chun cinn ar fhorbairt an chóras FMSS sna blianta tosaigh.³ I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhormheas an Rialtas togra ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin chun leanúint den chlár FMSS a chur i bhfeidhm thar sceideal táscach sínte go dtí 2025 agus bhuiséad táscach méadaithe don tionscadal agus é cothrom le €115 milliún agus CBL san áireamh.

Fócas an scrúdaithe

12.5 Tugadh faoin iniúchadh sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an NSSO ó thaobh an clár FMSS a chur i bhfeidhm ó cuireadh leagan nua air in 2020.⁴ Ní dhéantar measúnú leis ar chumais theicniúla agus oibriúcháin an chóras FMSS.

12.6 Ba é a bhí i gceist leis an iniúchadh ná athbhreithniú ar dhoiciméid, comparáid a dhéanamh idir pleananna/buiséid agus an t-aschur iarbhair, agus agallaimh le baill foirne ábhartha an NSSO. Tá CBL san áireamh i ngach figiúr caiteachais atá curtha i láthair sa tuarascáil ach amháin má shonraítear a mhalairt.

1 Tá an Roinn Airgeadais ina hurraí feidhmiúcháin freisin.

2 Is é atá i gcairt cuntais ná liosta de na cuntais agus na cóid chuntais atá sainaitheanta ag eagraíocht mar bheith riachtanach chun idirbhearta a thaifeadh ina mórleabhar ginearálta.

3 Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Phoiblí 2019, caibidil 5 [Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais a chur chun feidhme](#).

4 Foilsíodh tuarascáil den chineál céanna i Meán Fómhair 2023 — féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Phoiblí 2022*, caibidil 6, [Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais: dul chun cinn ar chur chun feidhme](#).

Amscála an tionscadail

- 12.7** Sa chás gnó don chlár FMSS a formheasadh i mí Eanáir 2016, áiríodh plean chun an córas FMSS a úsáid i sna comhlachtaí seirbhíse poiblí (PSBanna) atá laistigh den raon feidhme i gcúig thonn faoi Mheitheamh 2020. Tá an sceideal ionduchtúcháin reatha taispeánta i Fíor 12.1. Tá 48 roinn agus oifig san iomlán laistigh de raon feidhme an tionscadail.


Fíor 12.1 Comhdhéanamh an sceidil ionduchtúcháin do FMSS, a cuireadh i láthair don Ghrúpa Stiúrtha um Chliaint FMSS i mí an Mhárta 2026^{a,b}

Tonn 1 (Aibreán 2022)	Tonn 2.1 (Meán Fómhair 2025)	Tonn 2.2 (R2 2027)	Tonn 3 (R2 2028)	Tonn 4 (R2 2029)
- An Roinn Airgeadais - Oifig an Ombudsman - Bunú an Uachtaráin - An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitíúcháin - Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais - An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte - An Oifig um Shainfháil Rialtais - Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	- Roinn an Taoisigh - Fiosrú - An Coimisiún um Chosaint Sonraí - Ard-Mhúsaem na hÉireann - An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta - Táilte Éireann - An tÚdarás Sábháilteachta Póilíneachta agus Pobail - An Roinn Iompair	- An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce - An tSeirbhís Chúirteanna - An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt - Seirbhís Phríosúin na hÉireann - An Garda Síochána - An Roinn Coimirce Sóisialaí - Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim - An Coimisiún um Achomhairc Chánach	- An Roinn Sláinte - An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí - An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí - An Bord um Chúnamh Dlíthiúil - An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta - Leabharlann Náisiúnta na hÉireann - Oifig na nOibreacha Poiblí - Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí - An Phríomh-Oifig Staidrimh - An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	- Oifig an Phríomh-Aturmae Stáit - An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara - Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil - An Roinn Cosanta - An Roinn Oideachais agus Óige - An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil - An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta - An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta - An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht - Gailearaí Náisiúnta na hÉireann - Oifig an Ard-Aighne - Coimisiún na Scrúduithe Stáit - An tSaorthlann Stáit

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Nótaí: a Cuireadh FMSS i bhfeidhm ar thonn 1 agus thonn 2.1.

b I nDeireadh Fómhair 2024, chuir an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin na Seirbhíse Poiblí agus Digitíúcháin in iúl don NSSO go gcuirfear creat athbhreithnithe rialachais i bhfeidhm don tionscadal FMSS. Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Cliaint don FMSS agus an Mheitheal Oibre FMSS, le dul in ionad an creat rialachais a bhí ann roimhe, lenar áiríodh Bord Cláir an FMSS. Ní comhlacht cinnteoireachta é an Grúpa Stiúrtha.

Fíor 12.2 Cur i bhfeidhm beartaithe i gcomparáid le cur i bhfeidhm iarbhír FMSS (amhail mhí Bhealtaine 2026)

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Comhpháirtí feidhmithe córais.

b Féach ar Fíor 12.1.

12.8 Ar an iomlán, tharla moilleanna móra le cur i bhfeidhm an chlár. I Fíor 12.2 tugtar forléargas ar na bpleananna a bhí i bhfeidhm ag amanna éagsúla ó tosaíodh an FMSS agus ar a bhfuil baint amach go dtí seo.

12.9 I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhaomh an Rialtas sceideal athbheithnithe iomlán um chur i bhfeidhm an tionscadail go dtí 2025. Go dtí seo, tá ionduchtú ar an gcóras FMSS déanta le haghaidh 16 PSB in dá sciar ar leithligh.

12.10 Sa phlean atá beartaithe um chur i bhfeidhm an FMSS, atá tacaíte ag an nGrúpa Stiúrtha Cliant um FMSS (Grúpa Stiúrtha) i mí an Mhárta 2026, samhlaítear 2029 mar an dáta críochnaithe don tionscadal i.e. naoi mbliana tar éis an dáta chríochnaithe a bhí beartaithe i dtosach.

12.11 Cuirtear an plean atá beartaithe in ionad an sceidil tháscaigh a síníodh i mí Aibreáin 2025 idir an NSSO agus comhpháirtí feidhmithe an chórais (SI).⁵ Laistigh d'aon bhliain amháin ón gconradh sin a shíniú, síneadh dáta críochnaithe an tionscadal FMSS faoi 18 mí, ó ráithe 4 2027 go ráithe 2 2029. Ullmhaíodh plean feidhmithe mionsonraithe le haghaidh tonn 2.2 agus tá pleananna ardleibhéil i bhfeidhm le haghaidh tonn 3 agus 4.


12.12 Shonraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí go bhfuil an córas FMSS curtha i gcrích, agus gur aistrigh an clár go cur chuige oibriúcháin agus bainistíochta athraithe. Anuas air sin, shonraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí go bhfuil cur i bhfeidhm oibriúcháin an chlár amach anseo á mheas aici.

⁵ Cuireadh conradh 2025 i bhfeidhm le SI nua, a chuaigh in ionad an SI a bhí i bhfeidhm ó 2016. Tá an SI freagrach as dearadh, cumrú, forbairt, tástáil, cur i bhfeidhm, aistriú, bainistíocht timpeallachta, bainistíocht ar chur i bhfeidhm, tacaíocht tar éis dul i bhfeidhm agus seirbhísí bainistíochta imeachta a theastaíonn chun an réiteach FMSS a chur i bhfeidhm le haghaidh tonnta amach anseo.

Raon feidhme an FMSS

- 12.13** Cuireadh an FMSS i bhfeidhm in ocht PSB i mí Aibreáin 2022. Cé gur cuireadh caiteachas riaracháin na Roinn Airgeadais san áireamh i gcur i bhfeidhm na seirbhíse comhroinnte, cinneadh gan dul ar aghaidh le síneadh beartaithe an chórais chun idirbhearta Ciste Láir an Státhchiste a chlúdach. Níl an Príomh-Chiste ina chuid de raon feidhme an FMSS a thuilleadh.
- 12.14** Tá trí chomhlacht eile ann a bhí san áireamh roimhe sin i raon feidhme an chlár FMSS nach bhfuil san áireamh sa phlean feidhmithe beartaithe. Is iad sin ná Coimisiún Thithe an Oireachtais, an Coimisiún um Iomaíocht agus Íocaíocht Tomhaltóirí, agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.
- 12.15** I dteannta leis na comhlachtaí a fágadh amach ón bplean feidhmithe is deireanaí atá beartaithe, tá roinnt PSBanna bogtha idir tonna (féach ar larscríbhinn 12A). Tá an méid a bhí beartaithe i dtosach mar ‘tonn 2’ roinnte ina ‘tonn 2.1’ agus ‘tonn 2.2’ le dáta sprice difriúla um chur i bhfeidhm. I mí Mheán Fómhair 2025, cuireadh an FMSS i bhfeidhm sna hocht PSB a chuimsíonn tonn 2.1, rud a thóg líon iomlán na PSBanna atá ag oibriú ar FMSS go 16. Fíor 12.3 léirítear na dátaí sprice difriúla chun tonn 2 a chur i bhfeidhm ó chinneadh an rialtais in 2020.

Fíor 12.3 Sceideal do chur i bhfeidhm tonn 2



Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a I gcomhréir leis an bplean beartaithe ar thacaigh an Grúpa Stiúrtha leis i mí an Mhárta 2026.

b I mí Aibreáin 2025, d'fhorhmeas an Grúpa Stiúrtha an rogha tonn 2 a dheighilt ina dá chéim — tonn 2.1 agus tonn 2.2.

Na tonnta eile a chur i bhfeidhm

- 12.16** I Márta 2026, thug an NSSO cúig rogha seachadta don Ghrúpa Stiúrtha chun an FMSS a chur i bhfeidhm sna tonnta eile de PSBanna (féach ar larscríbhinn 12B). Cuimsíodh leis sin an cur i bhfeidhm a chríochnú do chúig chomhlacht tonn 2.2. agus ansin an tionscadal a stadadh.
- 12.17** Chomhaontaigh an Grúpa Stiúrtha tacú le glacadh le agus cur i bhfeidhm rogha a dó. Cuimsíodh leis sin líon na PSBanna atá san áireamh i dtonn 2.2 a mhéadú ó chúig go hocht gcinn, agus an tonn sin a thabhairt chun críche faoi Mheitheamh 2027, agus tonn 3 agus 4 a chríochnú in 2028 agus 2029.

Moilleanna leis an tionscadal

- 12.18** Thug an NSSO na míniúcháin seo a leanas leis an moilleanna le cur i bhfeidhm an chlár FMSS
- réidhe bonneagair — ba ghá uasghrádú a dhéanamh ar bhonneagair an NSSO i gcaitheamh an chlár
 - SI nua a sholáthar — thóg an próiseas soláthair 11 mhí ón am a eisíodh an tairiscint go dtí gur síníodh an Conradh
 - méadú ar scála agus chastacht an chlár — leathnaíodh an raon feidhme níos mó ná mar a bhí beartaithe le linn na gcéimeanna tosaigh den phleanáil in 2016
 - forbairt ar cheanglais chibearshlándála agus cosanta sonraí
 - chun caighdeán um thuairisciú airgeadais agus na ceanglais ghaolmhara um chomhlíonadh a fhorbairt ba ghá cumrú, bailíochtú agus iarracht fhorbartha bhreise don chóras chun cinntiú go mbeadh an réiteach ailínithe agus go seasfadh sé an aimsir i gcónaí
 - gannmheasadh an chastacht a bheadh i gceist — tosaíonn gach PSB le cleachtais oidhreachtacha agus le leibhéil réidhe difriúla agus is gá comhordú cúramach chun a gcuid sonraí, iompraíochta, ról agus sreafaí oibre a ailíniú.
 - cur isteach de thoradh phaindéim Covid-19
 - athbhreithnithe ar cheachtanna foghlamtha — sna pleananna tosaigh níor tugadh am tiomnaithe um athbhreithnithe ar cheachtanna foghlamtha tar éis gach uaire a chuirtear i bhfeidhm.


Athbhreithnithe tar éis cur i bhfeidhm

- 12.19** Thug an NSSO faoi athbhreithniú neamhspleách ar chur i bhfeidhm aistriú ocht PSB chuig an FMSS faoi thonn 1. Shonraigh an NSSO, tar éis gur cuireadh tonn 2.1 i bhfeidhm, go ndearna sé athbhreithniú inmheánach i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha lenar áiríodh PSBanna tonn 1 agus tonn 2.1.
- 12.20** Shonraigh an NSSO maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó thonn 2.1 gur tharraing siad aird ar an dul chun cinn atá déanta ó thonn 1 i réimsí mar thraenáil, rialachas agus aiseolas PSB. Freisin shainaithin sé réimsí ina bhfuil feabhas ag teastáil, go háirithe maidir le aistriú a ullmhú, tástáil ar chumrú, soláthar luath sonraí agus athrú oibriúcháin a chumhdach.

Costais an tionscadail

- 12.21** Ag deireadh 2025, ba ionann an caiteachas iomlán ar an gclár FMSS agus €95 milliún. Tá an caiteachas iomlán de réir bliana leagtha amach in Fíor 12.4.

Fíor 12.4 Caiteachas iomlán ar an gclár BSAC in aghaidh na bliana, 2014 – 2025



Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Buiséad tosaigh


- 12.22** Sa chás gnó tosaigh, a d'fhorghas an Rialtas in Eanáir 2016, moladh infheistíocht €54 milliún um chur i bhfeidhm iomlán an chórais FMSS do 48 PSB agus é measta go gcríochnófaí faoi ráithe 2 2020 é.⁶ Ba ionann caiteachas ar an tionscadal FMSS ag deireadh 2020 agus €52 milliún agus níor aistríodh aon PSBanna chuig an gcóras FMSS.

Buiséad athbhreithnithe

- 12.23** I Meán Fómhair 2020, d'fhorghas an Rialtas buiséad iomlán athbhreithnithe de €115 milliún um chur i bhfeidhm leantach an chórais do gach PSB faoi dheireadh 2025. Áiríodh leis an meamram don Rialtas ceanglas/próifíl tháscach um maoiniú bliantúil go dtí 2025 ach níor áiríodh miondealú ar na costais mheasta as gach tonn aonair a chur i bhfeidhm.
- 12.24** Níl buiséad tionscadail leagtha amach an NSSO lena léirítear gach céim den tionscadal. Mar sin, ní féidir róchaiteachas a mheasúnú ar bhonn toinne i ndiaidh toinne. Agus 83% de mhéid an bhuiséid caite faoi dheireadh 2025, áfach, ní raibh ach 16 de na 48 PSB reatha atá beartaithe aistriú chuig an gcóras FMSS. Tá iarmhéid €20 milliún fágtha sa bhuiséad reatha chun an costas a chlúdach as na 32 PSB eile a aistriú thar thréimhse feidhmithe ceithre-bliana atá tuartha (2026 – 2029).

⁶ Sa mheamram don Rialtas moladh buiséad de €47.4 milliún, gan CBL san áireamh.

- 12.25** I Fíor 12.5 tugtar miondealú ar chaiteachas le haghaidh na dtionnta atá curtha i bhfeidhm go dtí seo.

Fíor 12.5 Miondealú ar chaiteachas FMSS do thonnta 1 agus 2, 2014 – 2025

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

12.26 I mí Iúil 2023, chuir an NSSO buiséad i láthair don Bhord Cláir FMSS do thonn 2. Ba iad na costais tuartha chun tonn 2 a thabhairt chun críche ná €19.3 milliún.

12.27 Amhail dheireadh 2025, bhí an buiséad iomlán do thonn 2 sáraithe ag an gcaiteachas ar thonn 2. Níorbh fhéidir leis an NSSO an caiteachas iarbhír do thonn 2 a mhiondealú idir tonn 2.1 agus 2.2. Tá sé sonraithe ag an NSSO, ós rud é go mbeidh forluí idir gníomhaíochtaí idir na céimeanna éagsúla den chur i bhfeidhm, nach féidir an costas as gach tonn shonrach a chur i bhfeidhm gan anailís níos mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh laistigh de gach sruth oibre.

Ceanglais eile an bhuiséid

12.28 Níorbh fhéidir leis an NSSO buiséid tionscadail a chur ar fáil don fhoireann scrúdaithe do thonn 2.2, 3 agus 4 agus níl meastachán ar na costais as an tionscadal FMSS a chríochnú curtha ar fáil don fhoireann scrúdaithe.

12.29 Sa phlean beartaithe ar thacaigh an Grúpa Stiúrtha leis (Márta 2026) tá sé tugtha le tuiscint go sínfear cur i bhfeidhm iomlán an chóras FMSS go 2029. Tá sé tugtha le fios ag an NSSO go mbeadh gá le cistí breise chun an clár a chur i gcrích thar thréimhse níos faide agus go bhfuil measúnú á dhéanamh ar méid an mhaoinithe incrimintigh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an clár iomlán a chur i gcrích.

12.30 Shonraigh an NSSO gur cuireadh buiséad nuashonraithe faoi bhráid an Roinn Caiteachais Phoiblí i mBealtaine 2026, le gníomhaíocht leantach i mí Iúil 2026, de bhun thacaíocht an Ghrúpa Stiúrtha don mholadh an chuid eile den chlár a chur i gcrích thar thrí thonn bhliantúil um dhul i bhfeidhm.

12.31 Níor iarradh formheas an Rialtais do chur i bhfeidhm leanúnach an tionscadal FMSS tar éis 2025, ná don mhaoiniú breise a theastaíonn. Shonraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí go ndéanfar cinntí faoi mhaoiniú amach anseo a mheas tríd an bpróiseas bliantúil meastachán agus go ndéanfaidh an Rialtas maoirseacht iomlán air.

Coigiltis ionchais an tionscadail

- 12.32** De réir an cháis gnó bhunaidh a rinneadh ar son an chlár FMSS, bheadh coigilteas de €15.4 milliún ann in aghaidh na bliana a luaithe a bheadh an clár ag feidhmiú go hiomlán. Rud eile de, leagadh amach sa chás gnó bunaidh tréimhse aisíocaíochta réamh-mheasta de 7.1 bliain bunaithe ar an buiséad bunaidh.
- 12.33** Ón gcás gnó bunaidh, níl ach 16 de na PSBanna aistrithe chuig an gcóras FMSS agus tá an buiséad méadaithe faoi thart ar €47 milliún (gan CBL san áireamh). Níl anailís fhoirmiúil costais is tairbhe déanta ag an NSSO, áfach, ina thógtar san áireamh an sceideal sínte agus an buiséad méadaitheach.
- 12.34** Sa scrúdú is deireanaí ar an tionscadal FMSS (Meán Fómhair 2023), mhol an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste gur cheart don NSSO coigiltis mheasta 2016 a athríomh, agus an taithí ar chur i bhfeidhm thonn 1 curtha san áireamh. Shonraigh an NSSO go dtógfadh sé faoin athbhreithniú molta tar éis chur i bhfeidhm tonn 2, ag an am sin bhíodhas ag súil go dtarlódh sé sin ag deireadh 2024. Tá sé deimhnithe ag an NSSO arís go bhfuil sé de rún aige tabhairt faoin gcleachtadh athbhreithnithe atá molta, tar éis go mbeidh tonn 2 curtha i bhfeidhm go hiomlán, tuartar faoi láthair go dtarlódh sé sin faoi dheireadh Mheitheamh 2027.

Comhpháirtí feidhmithe córais

- 12.35** Shínigh an NSSO conradh eatramhach le SI nua i mí na Nollag 2024 agus ina dhiaidh sin shínigh sé conradh le haghaidh seirbhísí leis an SI sin i mí Aibreáin 2025. Cuimsíodh leis an gconradh
- plean feidhmithe chun an FMSS a chur i bhfeidhm i ngach PSB eile atá laistigh den raon feidhme faoi dheireadh 2027 agus
 - struchtúr íocaíochtaí atá nasctha le garspriocanna tionscadail.
- 12.36** Ba é méid an chonartha eatramhaigh ná €1.1 milliún agus ba é méid an chonartha iomláin le haghaidh seirbhísí ná €15.8 milliún. Amhail mhí Iúil 2026, bhí €1.1 milliún caite ar an gconradh eatramhach agus €4.2 milliún caite ar an gconradh le haghaidh seirbhísí. Níl aon íocaíochtaí déanta leis an SI le haghaidh oibre ar thonn 3 agus 4.⁷
- 12.37** Cuimsíodh leis an gconradh go leor garspriocanna a bhí curtha i leith na dtionnta difriúla — cúig thonn sa chonradh eatramhach agus 39 sa chonradh le haghaidh seirbhísí. Is é an dáta garsprice deireanach ná deireadh mhí na Samhna 2027.
- 12.38** Leis an bplean beartaithe ar thug an Grúpa Stiúrtha tacaíocht dó i Márta 2026 — 11 mhí tar éis gur síníodh an conradh SI — áfach, tá na dátaí seachadta beartaithe curtha siar le haghaidh gach toinne. An toradh air sin ná moill 18 mí leis an tionscadal a chríochnú nuair a chuirtear i gcomparáid é le dátaí an chonartha.

⁷ Níl CBL san áireamh sna figiúir atá sonraithe don chonradh eatramhach, don chonradh le haghaidh seirbhísí agus do na méideanna atá caite.

Conclúidí agus moltaí

- 12.39** Clár tábhachtach atá sa tionscadal um Sheirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (FMSS) arb í an aidhm atá i gceist leis ná an bhainistíocht airgeadais a athrú ó bhonn don rialtas láir. Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) atá freagrach as an gclár a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt le 48 comhlacht seirbhíse poiblí (PSB) cliaint.

Dul chun cinn agus costais

- 12.40** Tá seachadadh an tionscadal FMSS tite ar gcúl go mór. Tá go leor athruithe déanta ar na dátaí beartaithe um chur i bhfeidhm agus um leagan amach na dtionta feidhmithe.
- 12.41** Sa chonradh a bhí curtha i bhfeidhm leis an SI nua i mí Aibreáin 2025 ba é Samhain 2027 an gharspíoc dheireanach um chur i bhfeidhm.
- 12.42** I mí an Mhárta 2026, chuir an NSSO an plean feidhmithe beartaithe i láthair don Ghrúpa Stiúrtha um Chliaint FMSS. Sa phlean sin tá sé beartaithe go mbeidh córas iomlán an FMSS curtha i bhfeidhm faoi ráithe 2 2029 — sin naoi mbliana níos deireanaí ná mar a bhí samhlaite i bplean tosaigh 2016 a d'fhortheas an Rialtas agus é os cionn níos trí bliana níos deireanaí ná mar a bhí beartaithe sa phlean athbheithnithe a d'fhortheas an Rialtas in 2020.
- 12.43** Go dtí seo, níl ach aon trian de na PSBanna beartaithe aistrithe chuig an gcóras FMSS.
- 12.44** In 2020, d'fhortheas an Rialtas buiséad athbheithnithe tionscadail de €115 milliún le haghaidh an FMSS. Ag deireadh 2025, ba ionann an caiteachas iomlán ar an gclár agus €95 milliún, atá cothrom le 83% den buiséad athbheithnithe. Cé go bhfuil caiteachas ar an FMSS laistigh den teorainn chaiteachais fhortheasta faoi láthair, ní cosúil go mbeidh sé fós laistigh den buiséad chun na tionta go léir a thabhairt chun críche.
- 12.45** Ní dhearna an NSSO ailíniú idir buiséad an chlár agus na tionta/na céimeanna feidhmithe. Mar thoradh air sin, is teoranta an deis um monatóireacht éifeachtach ar bhuiséid agus rialú costas de réir toinne.
- 12.46** Tá sé admhaithe ag an NSSO go mbeidh gá le cistí breise don tionscadal, ach níl formheas rialtais i bhfeidhm um shíneadh breise ar bith ar thréimhsí an chlár ná an buiséad.

Moladh 12.1

Ba cheart don NSSO plean cuimsitheach a chur i bhfeidhm chun an clár FMSS a thabhairt chun críche ina thugtar sonraí faoi spriocanna réalaíocha ar féidir a bhaint amach chomh maith le buiséid chruinne agus fhianaise-bhunaithe de réir toinne (céime) chun cinntí eolacha faoi thodhchaí an chlár a cheadú.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Cuirfidh an NSSO plean ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí roimh an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an nGrúpa Stiúrtha i mí Mheán Fómhair 2026. Déanfar nuashonrú ar an bplean sin i dteannta leis na buiséid nuair a bhainfear amach garspriocanna tábhachtacha don chuid eile den chlár. Cé go n-ullmhófar buiséid de réir toinne, is tábhachtach a shonrú go ndéantar go leor aschur a sheachadadh ag an am céanna agus nach féidir i gcónaí iad a chur i leith toinne sonraí. Beidh an tráth um dhul i bhfeidhm le haghaidh na PSBanna solúbtha fós ach féadfaidh PSBanna gluaiséacht idir tonnta ag brath ar a gcuid tosaíochta agus a stádas réidhe. Mar sin, is dóchúil go n-athróidh an costas buiséadaithe in aghaidh na toinne i gcaitheamh an chlár.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Meán Fómhair 2026

An coigilteas a bhfuiltear ag súil leis agus aisíoc

- 12.47** De réir an cháis gnó bhunaidh a rinneadh ar son an chlár FMSS, bheadh coigilteas de €15.4 milliún ann in aghaidh na bliana a luaithe a bheadh an clár ag feidhmiú go hiomlán agus tuaradh tréimhse aisíocaíochta de 7.1 bliain ar bhonn an bhuiséid bhunaidh. Ó sin, tá an buiséad bunaithe méadaithe faoi dhó, agus tá súil ann go mbeidh gá le maoiniú breise chun an tionscadal a chur i gcrích.
- 12.48** I mí Dheireadh Fómhair 2023, mhol an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste gur cheart don NSSO na coigiltis mheasta a bhfuiltear ag súil leo ón tionscadal a athbhreithniú agus an taithí ar chur i bhfeidhm thonn 1 curtha san áireamh. Ós rud é go bhfuil tonn 2.1 curtha i bhfeidhm ó sin, d'fhéadfadh go bhfuil faisnéis bhreise ann chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú ar an luach ar airgead ar féidir a bhaint amach leis na leasuithe FMSS. Ar ndóigh, le hanailís ar bith dá leithéid agus cinnteoireacht ar bith ina dhiaidh, ba cheart na costais bháite a aithint arb ionann iad agus an infheistíocht shuntasach atá déanta go dtí seo.
- 12.49** Tá deich mbliana imithe thart ó ríomhadh an tréimhse bheartaithe um choigiltis agus aisíocaíocht i ndáil leis an gclár FMSS. Tá an tionscadal ag dul ar aghaidh fós le moilleanna, caiteachas méadaithe agus tearcfheidhmíocht shuntasach. Níl anailís costais is tairbhe ar fáil don chlár an bhonn na faisnéise reatha. In éagmais athmheasúnaithe chuimsithigh ar infheistíocht, tá baol ann go leanfaidh an clár FMSS ar aghaidh gan dearbhú go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach.

Moladh 12.2

Ba cheart don NSSO athmheasúnú a dhéanamh ar an tréimhse mheasta coigiltis agus aisíocaíochta don FMSS ar nós mar atá leagtha amach i bplean gnó 2016 agus anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil faoi láthair don chlár sa todhchaí.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Tá gealltanas tugtha ag an NSO chun anailís tairbhe a dhéanamh tar éis go mbeidh tonn 2 curtha i bhfeidhm go hiomlán i ráithe 2 2027. Meastar go mbeidh an scála agus an aibíocht riachtanach bainte amach ag an tsamhail seachadta um sheirbhísí comhroinnte faoin am sin. Tá creat forbartha ag an NSSO chun tairbhí a thagarmharcáil agus a rianú. Cuirfear é sin i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar choigiltis agus tréimhsí aisíocaíochta tuartha mar atá leagtha amach i gcás gnó 2016.

Ullmhaíodh anailís ardleibhéil costais is tairbhe do gach ceann de roghanna feidhmithe an chláir a mheas an Grúpa Stiúrtha do Chliaint FMSS i Márta 2026.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Nollaig 2027.

Iarscríbhinn 12A Athrú ar leagan amach toinne ó tuairiscíodh i dtosach é in 2023

Tonn 1	Tonn 2	Tonn 3	Tonn 4	Eochair
- An Roinn Airgeadais - Státchiste - Oifig an Ombudsman - Bunú an Uachtaráin - An Roinn Caiteachais Phoiblí - Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais - An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte - An Oifig um Shainfháil Rialtais - Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	- Tailte Éireann - Ard-Mhúsaem na hÉireann - Roinn an Taoisigh - Fiosrú - An tÚdarás Sábháilteachta Póilíneachta agus Pobail - An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta - An Coimisiún um Chosaint Sonraí - An Roinn Iompair - An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce - An Garda Síochána - Seirbhís Phríosúin na hÉireann - An tSeirbhís Chúirteanna - An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt	- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil - An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht - Oifig na nOibreacha Poiblí - Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí - Tithe Choimisiún an Oireachtais - An Phríomh-Oifig Staidrimh - An Roinn Sláinte - An Bord um Chúnamh Dlíthiúil - An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí - Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim - An Coimisiún um Achomhairc Chánach - An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta - An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí - Leabharlann Náisiúnta na hÉireann - Coimisiún na Scrúduithe Stáit - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	- Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil - Oifig an Ard-Aighne - Oifig an Phríomh-Aturmae Stáit - An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais - An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí - An Roinn Oideachais agus Óige - An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta - An Roinn Coimirce Sóisialaí - An Roinn Cosanta - An tSaorthlann Stáit - An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara - Gailearaí Náisiúnta na hÉireann - Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann - An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	Bainte den tionscadal FMSS Tonn 2.1 Tonn 2.2 Tonn 3 Tonn 4

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Iarscríbhinn 12B Roghanna a cuireadh ar fáil don Ghrúpa Stiúrtha do Chliant FMSS do sholáthar leanúnach thionscadal FMSS, 11 Márta 2026

Rogha 1	Rogha 2a	Rogha 3	Rogha 4	Rogha 5
Cuir síneadh le hamlíne tonn 2.2 go R2 2027, agus tonnta amach anseo á mbogadh go seicheamhach go 2028 agus 2029	Fadaigh tonn 2.2, nasc PSBanna breise agus tabhair isteach tráthanna do lainseáil bheo i R2 2027, 2028 agus 2029	Cuir athord ar thonnta, tabhair ceann amháin nó níos mó de PSBanna tonn 3 chun tosaigh go R1 2027, ansin cuir an grúpa Vóta Díl agus Cirt i gcrích i R3 2027	Athchumraigh ina dhá thonnta deiridh, lena gcuirfear tonn 3 ar fáil sa bhliain 2027 agus tonn 4 sa bhliain 2028	Cuir tonn amháin i gcrích laistigh den bhuiséad reatha, stop ansin.

Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Nóta: a Ba í Rogha 2 an rogha tosaíochta ar chomhaontaigh an Grúpa Stiúrtha FMSS uirthi.